# Tangraim (Ainmhithe)

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás - cruthanna déthoiseacha<br>Tomhais - achar agus Imlíne<br>*Comhtháthú - Teanga, OSIE, Na hEalaíona* |
| **Scileanna Forbartha** | • Cumarsáid agus cur in iúl - éisteacht le cuntais agus míniúcháin mhatamaiticiúla de chuid páistí eile agus iad a phlé<br>• Cur i bhfeidhm - straitéisí meabhracha agus bealaí oibre a chumadh agus a úsáid chun tascanna matamaiticiúla a chomhall |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | triantán, comhchosach, comhshleasach, scailéanach, dronuilleach, cearnóg, dronuilleog, comhthreomharán, rombas, traipéisiam, eitleog, peinteagán, heicseagán, heipteagán, ochtagán, achar, imlíne, teisiliú, meastachán, rothlaigh, suíomh |
| **Áiseanna** | puzail de thangraim, gné thangraim ar Uirlis Sórtála Mol Mata, páipéar cearnógach |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Iarr ar na daltaí coinín a chruthú, na seacht bpíosa tangraim in úsáid acu. Lig dóibh iad seo a roinnt le comhscoláire/leis an rang agus iad a chur i gcomparáid le chéile.

### 2 Gníomhaíocht 2

Fiosraíonn daltaí na pictiúir eile d'ainmhithe is féidir a dhéanamh, na seacht bpíosa tangraim in úsáid acu. Lig dóibh iad seo a roinnt le comhscoláire/leis an rang agus iad a chur i gcomparáid le chéile.

### 3 Gníomhaíocht 3

Fiosraíonn daltaí pictiúir eile is féidir leo a dhéanamh, na seacht bpíosa tangraim in úsáid acu. Ina mbeirteanna, cuireann siad ceann dá gcuid pictiúr i bhfolach agus tugann siad treoracha dá gcomhscoláire. Tá ar an dalta an pictiúr sin a athchruthú. Ansin, cuireann siad an iarracht i gcomparáid leis an bpictiúr é féin. Ansin, malartaíonn siad na róil atá acu, is é an dalta a thug na treoracha ar dtús an dalta atá ag dul iad a fháil anois.

### 4 Gníomhaíocht 4

Measann agus ansin ríomhann daltaí achar/imlíne gach pictiúir ainmhithe ó Ghníomhaíochtaí 1, 2 agus 3.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad iad na hainmhithe a rinne tú?<br>• Cad é imlíne/achar do chrutha?<br>• Conas atá do phictiúr cosúil/difriúil le pictiúr do chomhscoláire?<br>• Cé acu ainmhí a bhfuil an t-achar/imlíne is mó/is lú ag baint leis?<br>• Cé mhéad líne cheartingearach/ chothrománach/thrasnánach atá i do phictiúr?<br>• An bhfuil do phictiúr siméadrach? | • Conas a bhí a fhios agat go rachadh do phíosaí le chéile chun do phictiúr a dhéanamh?<br>• Cad a d'fhoghlaim tú faoi chruth 2T ón ghníomhaíocht seo?<br>• Cad a thugann tú faoi deara faoi do phictiúr?<br>• Cad é an rud is dúshlánaí/is éasca maidir leis an ngníomhaíocht seo? Cén fáth?<br>• Cad é a bhí úsáideach agus tú ag iarraidh pictiúr do chomhscoláire a athchruthú?<br>• Cad iad na straitéisí a d'úsáid tú chun cur síos a dhéanamh ar an bpictiúr do do chomhscoláire?<br>• Conas a bhí a fhios agat go raibh do mheastachán réasúnta? |

## Difreáil

Socraigh líon/castacht nó cineál pictiúir de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.

